**Ceist le haghaidh freagra ó bhéal O-000048/2017**
**ar an gCoimisiún**
Rule 128
**Victor Negrescu, Daniele Viotti, Julie Ward, Viorica Dăncilă, Simona Bonafè, Miroslav Poche, Hilde Vautmans, Miriam Dalli, Krystyna Łybacka, Ivan Štefanec, Alessia Maria Mosca, Sirpa Pietikäinen, Nathalie Griesbeck, István Ujhelyi, Terry Reintke, Milan Zver, Paul Tang, Eva Maydell, Alain Lamassoure, Helga Trüpel, Claudiu Ciprian Tănăsescu, Sorin Moisă, Victor Boştinaru, Emilian Pavel, Dan Nica, Maria Grapini, Siegfried Mureşan, Jean-Paul Denanot, Ulrike Lunacek, Agnes Jongerius, Kati Piri, Pina Picierno, Sylvie Guillaume, Tomáš Zdechovský, Brando Benifei, Eider Gardiazabal Rubial, Enrique Calvet Chambon, Momchil Nekov, Krišjānis Kariņš**

Ábhar: Aitheantas do thréimhsí staidéir scoile thar lear

A bhuíochas le stádas cónaitheora a dteaghlach agus le cláir mhalartaithe iar-bhunscoile, is féidir le daltaí scoile tairbhe a bhaint as soghluaisteacht in AE. Ní aithnítear ceart chun saorghluaiseachta na ndaltaí agus a dteaghlach, áfach, rud a chuireann srian ar a soghluaisteacht. Go deimhin, ní aithnítear tréimhsí staidéir a chaitheann daltaí scoile thar lear, ach amháin: 1) sa chás go bhfuil siad á maoiniú faoin gclár Erasmus+ agus 2) i roinnt bheag Ballstát, ag brath ar an reachtaíocht náisiúnta. Ba cheart an dea-shampla a thugtar sna Ballstáit sin a leanúint mar mhúnla.

Tá an staid mar atá ag cur srian ar shoghluaisteacht saothair na dtuismitheoirí agus ciallaíonn sé nach bhfuil lánúsáid á baint as an acmhainneacht ollmhór atá ag soghluaiseacht foghlama ag aois óg maidir le saoránacht Eorpach a chur chun cinn agus cuidiú le scileanna idirchultúrtha a shealbhú.

Cén chaoi a bhfuil sé i gceist ag an gCoimisiún a áirithiú go ráthóidh Ballstáit AE saorghluaiseacht do na teaghlaigh sin a athraíonn a n-áit chónaithe chomh maith lena leanaí atá in aois scoile, mar aon leis na daltaí scoile sin atá toilteanach tréimhse staidéir a chaitheamh thar lear?

Cén chaoi a bhfuil sé i gceist ag an gCoimisiún tionscnaimh atá ar bun a úsáid - amhail an Clár Oibre Nua Scileanna agus an moladh ón gComhairle maidir le bailíochtú ar fhoghlaim neamhfhoirmeálta agus neamhfhoirmiúil - chun na críche sin?

Curtha síos: 2.6.2017
Curtha ar aghaidh: 6.6.2017
Spriocam le haghaidh freagra: 13.6.2017